An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Treoirnóta:

# Deimhniú RGCS

**2024**

## Clár Ábhar

Réamhrá ........ 2
Deimhniú faoi RGCS ........ 3
Scéimeanna deimhniúcháin ........ 4
Sainmhínithe ........ 5
Ceisteanna Coitianta maidir le Deimhniú ........ 7
Cad is Deimhniú ann de réir bhrí RGCS? ........ 7
Cé na nithe a dtabharfar aghaidh orthu i scéimeanna deimhniúcháin? ........ 7
Cé na tairbhí a ghabhann le Deimhniú? ........ 8
An bhfuil deimhniú ar cheann de na ceanglais faoi RGCS? ........ 9
Cé atá páirteach i ndeimhniú agus cé na nithe a dhéanann siad? ........ 9
Cad is ‘ceanglais bhreise’ ann? ........ 10
Cé na ‘critéir’ a gceanglaítear ar an gCoimisiún iad a cheadú? ........ 10
Cé a fhorbróidh scéimeanna deimhniúcháin agus critéir dheimhniúcháin? ........ 11
Cé chuige a dhéanann úinéir scéime nó comhlacht deimhniúcháin iarratas ar scéim deimhniúcháin RGCS a cheadú/cén áit a ndéanann siad amhlaidh? ........ 11
Cén tábhacht a bhaineann le Séala AE? ........ 11
Conas is féidir a fháil amach an bhfuil próiseáil nó seirbhís atá ar bun ag eagraíocht deimhnithe? ........ 12
An gciallaíonn deimhniú go bhfuil RGCS á chomhlíonadh ag eagraíocht? ........ 12
Cad é an difear idir ‘deimhniú RGCS’ agus cineálacha eile deimhniúcháin? ........ 12
Cad is ISO 17065 ann? ........ 13
Tuilleadh faisnéise ........ 15
Treoirlínte ó EDPB ........ 15
Eagraíochtaí um chaighdeánú ........ 15
Eagraíochtaí Éireannacha agus Eorpacha um chaighdeánú ........ 16
Comhlachtaí idirnáisiúnta agus earnála ........ 16
An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú ........ 17
Déan Teagmháil Linn ........ 17

## Réamhrá

Is é is aidhm don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (**RGCS**) eagraíochtaí a spreagadh, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, a léiriú go gcomhlíonann siad forálacha RGCS. Tá an méid sin leagtha amach in Airteagail 42 agus 43 RGCS, lena bpléitear le deimhniú um chosaint sonraí agus lena gceadaítear d'eagraíochtaí aon bhearta comhlíonta atá i bhfeidhm acu a léiriú agus cuntas a thabhairt orthu agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar a gceanglaítear orthu a dhéanamh faoi RGCS agus dul níos faide ná sin. Féadfar eagraíochtaí a dheimhniú ansin mar eagraíochtaí a bhfuil coimircí iomchuí i bhfeidhm acu chun sonraí pearsanta a phróiseáil.

Téann bearta den sórt sin chun tairbhe d'ábhair sonraí toisc go gcumasaíonn siad dóibh an leibhéal cosanta sonraí a sholáthraítear le hoibríochtaí próiseála teicniúla agus eagraíochtúla atá ar bun ag eagraíocht a mheasúnú agus a thuiscint go tapa. Mar aon le Cóid Iompair RGCS, tá tábhacht ag baint le deimhniú toisc gur uirlis cuntasachta poiblí é lena gcumasaítear d'eagraíocht bearta comhlíonta a léiriú do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí eile a n-oibríonn sí leo agus d'údaráis mhaoirseachta.

Gné lárnach de dheimhniú is ea rud ar a dtugtar 'scéim deimhniúcháin' de ghnáth. I gcomhthéacs RGCS, sonraítear le scéimeanna deimhniúcháin na sásraí atá i bhfeidhm le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil agus an dóigh a gcuirtear rialuithe agus bearta iomchuí chun feidhme. Féadfaidh comhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin[1] na scéimeanna sin a mheasúnú ansin. Más deimhin leis amhlaidh, féadfaidh comhlacht deimhniúcháin rialuithe agus bearta iomchuí a bhailíochtú ansin agus a dhearbhú gur chuir an eagraíocht na rialuithe agus na bearta sin chun feidhme agus go gcomhlíonann an próiseas nó an tseirbhís ar leith de chuid na heagraíochta ceanglais agus critéir cosanta sonraí na scéime. Féadfaidh an comhlacht deimhniúcháin a dheimhniú ansin gurb amhlaidh an cás. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin ábhartha athbhreithniú agus faireachán ar eagraíochtaí deimhnithe ina dhiaidh sin chun a chinntiú go leanfaidh siad leis na critéir a chomhlíonadh.

In Éirinn, is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (**an Coimisiún**) an t-údarás maoirseachta ábhartha atá freagrach as critéir cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin a cheadú. Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (**INAB**) an t-údarás atá freagrach as comhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna den sórt sin a oibriú a chreidiúnú.

Áirítear na nithe seo leis an treoir seo a leanas:

- tuairisc ghairid ar dheimhniú faoi RGCS agus ar an dóigh a n-oibreoidh an Coimisiún le INAB, le comhlachtaí deimhniúcháin agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (**EDPB**) ar nithe deimhniúcháin,

- gluais de phríomhshainmhínithe agus de théarmaí a úsáidtear go coitianta,

[1] Uaireanta, gairtear comhlachtaí um measúnú comhréireachta go foirmiúil de na comhlachtaí seo

- rannán ina bhfuil ceisteanna coitianta ar ghnéithe ar leith de dheimhniú RGCS.

## Deimhniú faoi RGCS

Go hachomair, leagtar síos na nithe seo a leanas le RGCS, i measc nithe eile:

- Ceanglaítear ar an gCoimisiún na critéir cosanta sonraí a cheadú a oibreofar laistigh de scéimeanna a bhaineann le táirgí agus/nó seirbhísí a phróiseálann sonraí pearsanta.

- Leagfar amach go háirithe i gcritéir na scéime conas a chuirtear oibríochtaí próiseála chun feidhme i ndáil le measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí do shonraí pearsanta agus conas a shásaíonn na hoibríochtaí sin na hoibleagáidí atá ar rialaitheoir agus/nó próiseálaí faoi RGCS agus na forálacha do chearta úsáideora agus conas a léiríonn siad go gcomhlíonann rialaitheoir agus/nó próiseálaí na hoibleagáidí agus na forálacha sin.

- Ní mór comhlachtaí deimhniúcháin a bheith creidiúnaithe de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 17065:2012 (**ISO 17065**)[2] chun go bhféadfaidh siad scéimeanna deimhniúcháin um chosaint sonraí a dhámhachtain. Féadfar scéimeanna nua a dhearadh ar aon dul leis an gcaighdeán sin, a fhágann go mbeidh comhlachtaí deimhniúcháin in ann creidiúnú a bhaint amach i leith scéimeanna den sórt sin.

- Le RGCS, ceanglaítear ar na Ballstáit a chinntiú go ndéantar comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú de réir Airteagal 43 RGCS. In Éirinn, is é INAB[3] an t-aon chomhlacht creidiúnúcháin amháin a fhéadfaidh comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú chun scéimeanna den sórt sin a sholáthar i gcomhréir le critéir cheadaithe an Choimisiúin.

- Bhunaigh an Coimisiún tacar ‘ceanglas breise’ atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach cheana féin in ISO 17065, ar ceanglais iad atá le riar ag INAB nuair a chreidiúnaíonn sé comhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna cosanta sonraí a oibriú.

- Mar gheall ar chineál cheanglais ISO 17065 agus cheanglais RGCS, tá scéimeanna deimhniúcháin um chosaint sonraí teoranta ó thaobh raon feidhme de d’oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta. Ní chuireann sé sin aon bhac ar an gCoimisiún ná ar INAB obair i gcomhar le geallsealbhóirí ar shásraí deimhniúcháin le haghaidh pearsanra ag a bhfuil saineolas cosanta sonraí nó ar

[2] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach suíomh Gréasáin ISO go díreach.
[3] Féach alt 35 d’Acht 2018

a bhfuil oibleagáidí cosanta sonraí nó le haghaidh uirlisí agus córais bhainistíochta a bhaineann le rialachas agus comhlíonadh. Mar sin féin, ní chuirfear sásraí den sórt sin faoi réir aon phróiseas foirmiúil ceadaithe de chuid an Choimisiúin ná de chuid EDPB.

- Cé go bhféadfar scéimeanna a dhearadh lena n-oibriú ar an leibhéal náisiúnta, nó ar fud an Aontais Eorpaigh ar fad ('Séala AE'), is amhlaidh i gcás Shéala AE a cheanglófar ar an scéim critéir choiteanna a bheith aici lena dtugtar cuntas ar a húsáid i ngach Ballstát.

- Féadfaidh eagraíochtaí iarratas a dhéanamh chuig comhlachtaí deimhniúcháin ar dheimhniú faoi scéim ar leith, agus féadfaidh siad deimhniú a úsáid mar mhodh chun a léiriú gur comhlíontach atá a n-oibríocht próiseála ar leith nó a n-oibríochtaí próiseála ar leith – 'sprioc na meastóireachta' nó 'ábhar an deimhniúcháin'.

- Féadfaidh go mbeidh fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe in ann féachaint ar sholáthraithe nó próiseálaithe a bhfuil deimhnithe reatha agus ábhartha um chosaint sonraí acu mar chinn a léiríonn go bhfuil a n-oibríochtaí próiseála comhlíontach.

### *Scéimeanna deimhniúcháin*

Foilsíonn EDPB clár de scéimeanna deimhniúcháin ceadaithe náisiúnta agus AE. Leanann EDPB agus údaráis mhaoirseachta uile an Aontais Eorpaigh le geallsealbhóirí a spreagadh scéimeanna náisiúnta a chruthú agus a dhearadh, mar aon le scéimeanna nó 'séalaí' AE. Oibríonn an Coimisiún i gcomhar le geallsealbhóirí chun scéimeanna oiriúnacha a bhunú ar féidir leis iad a chur faoi bhráid EDPB lena n-athbhreithniú agus lena gceadú aige.

Amhail i gcás údaráis mhaoirseachta eile, rinne an Coimisiún ár gceanglais chreidiúnúcháin do chomhlachtaí deimhniúcháin a thabhairt i gcrích agus a fhoilsiú, agus táimid in ann glacadh le haighneachtaí ina leith sin.

A luaithe a bheidh scéimeanna den sórt sin ceadaithe agus a bheidh creidiúnú ag comhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu na scéimeanna a oibriú, féadfaidh eagraíochtaí iarratas a dhéanamh chucu ar dheimhniú a fháil dá n-oibríochtaí próiseála. I gcás scéimeanna atá á n-oibriú ag comhlachtaí deimhniúcháin atá lonnaithe in Éirinn, is é INAB a dhéanfaidh an creidiúnú de réir ISO 17065 agus de réir ceanglais bhreise chreidiúnúcháin arna mbunú ag an gCoimisiún. I gcás Shéalaí AE, déanfar creidiúnú sa bhallstát ina ndéanann an comhlacht deimhniúcháin cinntí deimhniúcháin. Mar sin, féadfaidh eagraíochtaí Éireannacha deimhniú a lorg ó chomhlachtaí deimhniúcháin i mballstáit eile den Aontas Eorpach. Mar an gcéanna, má oibríonn comhlacht

deimhniúcháin in Éirinn Séala AE creidiúnaithe ceadaithe, féadfaidh sé obair ansin chun eagraíochtaí lasmuigh d'Éirinn a dheimhniú.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh cheisteanna ó eagraíochtaí nó ó gheallsealbhóirí eile atá i mbun critéir um dheimhniú RGCS a fhorbairt nó a bhfuil critéir den sórt sin forbartha acu. Féach mionsonraí teagmhála an Choimisiúin maidir le deimhniú.

### *Sainmhínithe*

Tá cuid mhór de na téarmaí a úsáidtear sna treoirlínte ó EDPB agus sna doiciméid ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (**ISO**) sainmhínithe i ndoiciméad ISO 17000[4]. Coinnítear a sainmhínithe féin ar bun i gcaighdeáin eile ó ISO.

- **An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 ('Acht 2018')**: leis an Acht seo, tugtar tuilleadh éifeachta do RGCS in Éirinn.

- **Creidiúnú:** fianú tríú páirtí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí de chuid comhlachta deimhniúcháin. Is é creidiúnú an toradh ar an bpróiseas measúnaithe do chomhlachtaí rathúla deimhniúcháin (mar chuid den phróiseas creidiúnúcháin).

- **Comhlacht creidiúnúcháin:** comhlacht a dhéanann creidiúnú. Sa doiciméad seo, agus i gcás na hÉireann, glactar leis go gciallaíonn an téarma seo INAB.

- **Iarratasóir:** eagraíocht a rinne iarratas ar dheimhniú a fháil dá hoibríochtaí próiseála.

- **Deimhniú:** an measúnú agus an fianú neamhchlaon tríú páirtí á rá gur léiríodh go gcomhlíonann na hoibríochtaí próiseála atá ar bun ag rialaitheoir agus/nó próiseálaí na critéir dheimhniúcháin.

- **Comhlacht deimhniúcháin:** comhlacht measúnaithe comhréireachta tríú páirtí a oibríonn scéimeanna deimhniúcháin.

- **Critéir dheimhniúcháin:** na critéir ar ina n-aghaidh a thomhaistear na hoibríochtaí próiseála atá ar bun ag eagraíocht do scéim deimhniúcháin ar leith.

- **Sásra deimhniúcháin:** scéim cheadaithe deimhniúcháin atá ar fáil d'iarratasóir. Is seirbhís í a soláthraíonn comhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin í bunaithe ar chritéir cheadaithe agus ar mhodheolaíocht cheadaithe measúnaithe. Is é an córas trínar féidir le rialaitheoir agus/nó próiseálaí deimhniú a bhaint amach.

[4] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach suíomh Gréasáin ISO go díreach.

- **Scéim deimhniúcháin:** córas deimhniúcháin a bhaineann le táirgí sonraithe, próisis shonraithe agus seirbhísí sonraithe a bhfuil feidhm ag na ceanglais shonraithe chéanna, na rialacha sonracha céanna agus na nósanna imeachta sonracha céanna maidir leo. Áirítear leis an scéim na critéir dheimhniúcháin (lena n-áirítear critéir cosanta sonraí RGCS), caighdeáin ábhartha agus na caighdeáin is infheidhme, agus modheolaíocht measúnaithe.

- **Cliant:**[5] eagraíocht ar dheimhnigh an comhlacht deimhniúcháin í (an t-iarratasóir roimhe sin).

- **Údarás maoirseachta inniúil:** An t-údarás maoirseachta faoi RGCS a dhéanann faireachán agus forfheidhmiú ar chur i bhfeidhm RGCS ar a chríoch. Cuirtear na critéir cosanta sonraí i scéimeanna faoi bhráid údarás maoirseachta inniúil lena gceadú aige.

- **An Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún):** Údarás maoirseachta na hÉireann i ndáil le RGCS.

- **An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS):** Rialachán AE/2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil.

- **ISO 17065:** Is é ISO/IEC 17065:2012 an caighdeán um measúnú comhréireachta lena sonraítear na ceanglais atá ar chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí.

- **Comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin:** an t-aon chomhlacht amháin i mBallstát a ainmníodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus a dhéanann creidiúnú, agus údarás díorthaithe aige ón Stát. In Éirinn, is é INAB an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin agus is é an comhlacht ábhartha creidiúnúcháin do dheimhniú RGCS.

- **Úinéir scéime:** duine nó eagraíocht atá freagrach as scéim shonrach deimhniúcháin a fhorbairt agus a chothabháil. Féadfaidh úinéir scéime a bheith ina chomhlacht deimhniúcháin, ina údarás rialtais, ina chomhlachas trádála, ina ghrúpa comhlachtaí deimhniúcháin nó ina chomhlacht eile.

---

[5] Aon uair a úsáidtear an téarma 'cliant' sa Chaighdeán Idirnáisiúnta seo (ISO/IEC 17065/2012), baineann sé leis an 'iarratasóir' agus leis an 'cliant' araon, mura sonraítear a mhalairt.

- **Sprioc na Meastóireachta:** ábhar an deimhniúcháin. I gcás dheimhniú RGCS, baineann sé seo leis na hoibríochtaí ábhartha próiseála a bhfuil an rialaitheoir agus/nó an próiseálaí ag iarraidh go ndéanfaí meastóireacht orthu agus go ndeimhneofaí iad. Sonraítear i scéimeanna deimhniúcháin na ceanglais[6] le haghaidh sprioc na meastóireachta nó ábhar an deimhniúcháin a dheimhniú, lena n-áirítear na hoibríochtaí próiseála a ndéantar cinneadh agus measúnú orthu le haghaidh deimhniúcháin.

## Ceisteanna Coitianta maidir le Deimhniú

### *Cad is Deimhniú ann de réir bhrí RGCS?*

Sainmhíníonn ISO deimhniú mar a leanas: *"fianú tríú páirtí a bhaineann le táirgí, próisis, córais nó daoine"*. Ciallaíonn sé sin go gcinneann agus go bhfianaíonn measúnóir neamhspleách gur comhlíonadh ceanglais shonracha, ar ceanglais iad a bhaineann le deimhniú.

I gcomhthéacs an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (**RGCS**), is uirlis cuntasachta é deimhniú faoi Airteagail 42 agus 43 RGCS, rud lena ngabhann critéir cosanta sonraí atá ceadaithe ag údarás maoirseachta. Tá sé teoranta ó thaobh raon feidhme de d'oibríochtaí próiseála a bhaineann le sonraí pearsanta.

In Éirinn, tá comhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna ceadaithe deimhniúcháin um chosaint sonraí a oibriú le creidiúnú ag INAB de réir ISO 17065[7] agus de réir ceanglais bhreise arna mbunú ag an gCoimisiún.

### *Cé na nithe a dtabharfar aghaidh orthu i scéimeanna deimhniúcháin?*

Tá scéimeanna atá beartaithe dá gceadú ag an gCoimisiún faoi Airteagail 42 agus 43 RGCS lena bheith teoranta ó thaobh raon feidhme de d'oibríochtaí próiseála, agus níor cheart iad a bheith beartaithe le haghaidh 'comhlíonadh RGCS' i gcoitinne a dheimhniú do phearsanra ná do chórais bhainistíochta (ach féadfaidh go n-áireofar leo pearsanra agus córais bhainistíochta mar ghné den oibríocht próiseála).

Go háirithe, tá sé beartaithe deimhniú faoi RGCS a úsáid chun comhlíonadh na nithe seo a leanas a léiriú:

- Airteagal 24 RGCS – Freagracht an rialaitheora
- Airteagal 25 RGCS – Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú

[6] Féach, mar shampla, ailt 4.1 agus 6.5 de ISO 17067
[7] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach suíomh Gréasáin ISO go díreach.

- Airteagal 28 RGCS – Léiriú ráthaíochtaí ag an bpróiseálaí
- Airteagal 32 RGCS – Slándáil na próiseála
- Airteagal 46 RGCS – Aistrithe ar mhodh coimircí iomchuí

Mar sin, féadfaidh go bhforbrófar scéimeanna sna réimsí seo a leanas de phróiseáil sonraí pearsanta:

- trédhearcacht maidir le tástálacha cothromúcháin a sholáthar i leith leasanna dlisteanacha;
- dearadh córas teicniúil i bpróiseáil mórshonraí le haghaidh cearta úsáideora a sholáthar go héifeachtach;
- próiseáil, slándáil agus bainistiú éifeachtach dintiúr le haghaidh sonraí údarúcháin agus féiniúlachta;
- teicnící slána um ainm bréige a chur i bhfeidhm i bpróiseáil taighde liachta;
- tástáil bogearraí le haghaidh ceanglais cosanta sonraí i seirbhísí Gréasáin atá dírithe ar an úsáideoir;
- formáidí agus cáilíochtaí coimeád taifead, próisis um athruithe a rialú, agus struchtúir chuntasachta do sheirbhísí ar líne a láimhseálann sonraí pearsanta; agus
- trédhearcacht éifeachtach le haghaidh algartaim a úsáidtear i soláthar seirbhísí poiblí.

## *Cé na tairbhí a ghabhann le Deimhniú?*

Tá deimhniú ar cheann amháin de na huirlisí is féidir le heagraíochtaí a chur ar áireamh agus na hoibleagáidí cuntasachta atá orthu faoi RGCS á ngabháil de láimh acu. Agus é sin á dhéanamh acu, is féidir leo a n-oibríochtaí próiseála a fheabhsú agus a mbearta comhlíonta a léiriú an tráth céanna. Is féidir leis na bearta sin dul níos faide ná na ceanglais íosta faoi RGCS agus faoi Acht 2018.

Mar thoradh air sin, is féidir le deimhniú cabhrú le trédhearcacht a fheabhsú d’ábhair sonraí agus do chaidreamh gnólacht le gnólacht, e.g., éascaíonn trédhearcacht níos fearr idir rialaitheoirí agus próiseálaithe measúnú agus tuiscint níos gasta agus níos beaichte ar an leibhéal cosanta sonraí a bhaineann le táirgí agus seirbhísí eagraíochta. Ar an tslí sin, cabhrófar le muinín ábhar sonraí a chothú as an dóigh a láimhseálann rialaitheoirí nó próiseálaithe deimhnithe sonraí pearsanta.

### *An bhfuil deimhniú ar cheann de na ceanglais faoi RGCS?*

Níl. Níl aon cheanglas ná aon oibleagáid ar rialaitheoirí nó próiseálaithe deimhniú a bhaint amach faoi RGCS agus is próiseas deonach é. Mar sin féin, féadfaidh eagraíocht atá ag iarraidh a bearta comhlíonta a léiriú deimhniú a úsáid chun déanamh amhlaidh.

### *Cé atá páirteach i ndeimhniú agus cé na nithe a dhéanann siad?*

Tá baint ag roinnt páirtithe le deimhniú agus creidiúnú RGCS.

- Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí údarás neamhspleách na hÉireann atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Ceadaíonn an Coimisiún critéir cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin, leagann sé síos ceanglais le haghaidh comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú, agus déanann sé faireachán ar an dóigh a gcuirtear na critéir agus na ceanglais sin i bhfeidhm.

- Is é INAB an ghníomhaireacht in Éirinn a dhéanann creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, agus is ón Stát a thagann an t-údarás atá aige. Déanann sé creidiúnú de réir rialachán 765/2008/CE ón Aontas Eorpach agus i gcomhréir le sraith caighdeán agus treoracha ISO 17000.

- Is ionann EDPB agus eintiteas a bunaíodh faoi RGCS agus, i measc nithe eile, a chuireann sásraí comhsheasmhachta i bhfeidhm i leith údaráis mhaoirseachta, lena n-áirítear maidir le cinntí a bhaineann le critéir scéimeanna náisiúnta deimhniúcháin agus critéir scéimeanna deimhniúcháin Shéala AE.

- Is ionann comhlachtaí deimhniúcháin (ar a dtugtar Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta freisin) agus eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí measúnaithe agus fianaithe d’eagraíochtaí agus a dheimhníonn go gcomhlíonann a gcuid gníomhaíochtaí na ceanglais atá leagtha amach i scéimeanna deimhniúcháin. I gcás scéimeanna deimhniúcháin RGCS, déanann comhlachtaí deimhniúcháin é sin do scéimeanna atá ag teacht le caighdeán ISO 17065.

- Is ionann Úinéirí nó Dearthóirí Scéime agus geallsealbhóirí a fhorbraíonn scéimeanna nó sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí.

- Eagraíochtaí a ghníomhaíonn mar rialaitheoirí agus mar phróiseálaithe faoi RGCS agus a fhéachann le deimhniú a fháil dá n-oibríochtaí próiseála.

- Féadfaidh go ndéanfaidh Coimisiún an Aontais Eorpaigh reachtaíocht a chur chun feidhme nó a tharmligean amach anseo maidir le caighdeáin, sásraí agus ceanglais le haghaidh chreidiúnú nó dheimhniú RGCS.

### *Cad is 'ceanglais bhreise' ann?*

I gcás údaráis mhaoirseachta a oibríonn le Comhlachtaí Náisiúnta Creidiúnúcháin, bunóidh siad a gceanglais bhreise chreidiúnúcháin féin do chomhlachtaí deimhniúcháin atá ag iarraidh creidiúnú a fháil do scéim cosanta sonraí. Is ceanglais iad sin atá de bhreis orthu sin atá leagtha síos cheana féin i gcaighdeán ISO 17065 (agus ceanglais eile atá leagtha síos ag INAB). Tá sé mar aidhm leo a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí deimhniúcháin na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagail 42 agus 43 RGCS, amhail an méid seo a leanas a léiriú:

- saineolas maidir leis an ábhar cosanta sonraí atá le deimhniú
- nósanna imeachta le haghaidh séalaí agus marcanna cosanta sonraí a riar
- neamhspleáchas ar na heagraíochtaí a bhfuil siad ag obair chun iad a dheimhniú agus neamhchlaontacht ó na heagraíochtaí sin

Tá 'ceanglais chreidiúnúcháin' an Choimisiúin um Chosaint Sonraí foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, ar ceanglais iad a riarfaidh INAB iad le linn a phróisis creidiúnúcháin.

### *Cé na 'critéir' a gceanglaítear ar an gCoimisiún iad a cheadú?*

Is ionann na critéir agus tacar ceanglas eagraíochtúil agus teicniúil a bhaineann le raon feidhme sainithe agus 'ábhar an deimhniúcháin' (oibríocht próiseála ar leith nó tacar oibríochtaí próiseála). Is critéir iad:

- atá leagtha amach i scéim deimhniúcháin
- a gcomhlíonann eagraíocht iad nuair a chuireann sí a bearta agus a rialuithe i bhfeidhm
- a bhfuil comhlacht deimhniúcháin le measúnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

Tá an bunús le haghaidh critéir dheimhniúcháin um chosaint sonraí le díorthú ó phrionsabail agus rialacha RGCS. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sna treoirlínte ó EDPB, ina leagtar amach go mion na nithe a bhfuiltear ag súil leo.

### *Cé a fhorbróidh scéimeanna deimhniúcháin agus critéir dheimhniúcháin?*

Ceadaítear le RGCS do gheallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear comhlachtaí deimhniúcháin, grúpaí tionscail agus údaráis mhaoirseachta, scéimeanna deimhniúcháin a fhorbairt. Tá an Coimisiún ag súil leis gur comhlachtaí deimhniúcháin a bheidh in úinéirí scéimeanna deimhniúcháin de ghnáth. Ag obair dóibh i gcomhar le geallsealbhóirí eile, is iad na comhlachtaí sin a dhearfaidh agus a fhorbróidh scéimeanna ina sonraítear critéir cosanta sonraí.

Tá critéir áirithe le díorthú ó phrionsabail agus rialacha RGCS, a mbeidh na trí chroíghné seo a leanas mar shaintréith acu:

- ba cheart iad a bheith bainteach le próiseáil sonraí pearsanta
- ba cheart iad a bheith bainteach le haon chórais theicniúla a úsáidtear chun na sonraí pearsanta a phróiseáil
- ba cheart iad a bheith bainteach leis an bpróiseas agus leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an oibríocht próiseála sonraí pearsanta nó leis na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta

Tugtar in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Treoirlínte 1/2018 treoir maidir le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar chritéir dheimhniúcháin. Sainaithnítear inti na topaicí a ndéanfaidh údarás maoirseachta cosanta sonraí agus EDPB iad a bhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun na critéir dheimhniúcháin a bhaineann le sásra deimhniúcháin a cheadú.

### *Cé chuige a dhéanann úinéir scéime nó comhlacht deimhniúcháin iarratas ar scéim deimhniúcháin RGCS a cheadú/cén áit a ndéanann siad amhlaidh?*

Beidh an rogha maidir le cén áit ar cheart iarratas ar scéim deimhniúcháin a cheadú a sheoladh chuici bunaithe ar shuíomh úinéir na scéime deimhniúcháin agus ar an ról geallsealbhóra atá aige/aici.

Déanfar réamh-mheasúnú ar scéim nó ar chritéir ar an gcéad ásc, agus féadfaidh go seolfar an scéim nó na critéir ar ais chuig an úinéir i gcás nach mbeidh sí nó siad oiriúnach.

Ba cheart aon cheisteanna eile maidir le scéim a chur isteach a chur ar an gCoimisiún trí leas a bhaint as na mionsonraí teagmhála atá tugtha ag deireadh an doiciméid seo.

### *Cén tábhacht a bhaineann le Séala AE?*

Féadfar scéimeanna deimhniúcháin um chosaint sonraí a bheartú agus a dhearadh dá n-úsáid ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Féadfar 'Séalaí AE' a ghairm de scéimeanna atá le húsáid ar fud an Aontais, i gcás go gceadóidh EDPB iad.

I gcás go mbeidh sé beartaithe an scéim deimhniúcháin agus na critéir dheimhniúcháin a úsáid ar fud an Aontais, beidh ar na critéir a bheith in-saincheaptha ar shlí a dtabharfaidh aird ar aon rialacháin náisiúnta earnáilsonracha is infheidhme nó ar aon cheanglais áitiúla is infheidhme.

Beidh ar an údarás náisiúnta cosanta sonraí lena mbaineann measúnú a dhéanamh ar chritéir na scéimeanna uile den sórt sin lena mbailíochtú agus lena gceadú, agus beidh ar EDPB measúnú a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin lena mbreithniú faoi shásra comhsheasmhachta RGCS.

### *Conas is féidir a fháil amach an bhfuil próiseáil nó seirbhís atá ar bun ag eagraíocht deimhnithe?*

I bhformhór na gcásanna, is dóigh go bhfaighidh tú an fhaisnéis sin ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta. Chomh maith leis sin, is dóigh go gcoinneoidh comhlachtaí creidiúnaithe deimhniúcháin liosta cothrom le dáta de na heagraíochtaí a dheimhnigh siad agus de raon feidhme a ndeimhniúcháin (an tseirbhís nó an próiseas a deimhníodh), mar aon le mionsonraí faoi cén uair a bronnadh an deimhniú agus cén uair a rachaidh sé in éag.

D'fhoilsigh an Coimisiún na ceanglais chreidiúnúcháin uainn cheana féin, agus foilseoimid freisin mionsonraí faoi aon chritéir scéime a cheadóimid (agus déanfaidh EDPB an rud céanna).

### *An gciallaíonn deimhniú go bhfuil RGCS á chomhlíonadh ag eagraíocht?*

Ní chiallaíonn. Is ionann deimhniú agus sásra cuntasachta lena gcumasaítear do rialaitheoir a léiriú, trí mheasúnú agus meastóireacht ó chomhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin, go bhfuil gnéithe áirithe d'oibríocht próiseála agus aon bhearta gaolmhara maolaithe riosca ceaptha chun RGCS a chomhlíonadh.

Mar sin, tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach gciallaíonn deimhniú go bhfuil oibríocht próiseála atá ar bun ag eagraíocht comhlíontach go cinntitheach faoi RGCS. Ní fhéadfar cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh RGCS ach amháin tar éis d'údarás maoirseachta scrúdú a dhéanamh ar oibríocht próiseála.

### *Cad é an difear idir 'deimhniú RGCS' agus cineálacha eile deimhniúcháin?*

Is é atá i gceist le deimhniú faoi RGCS ná go ndéanann comhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin measúnú ar oibríocht próiseála atá ar bun ag eagraíocht faoi scéim deimhniúcháin lena ngabhann critéir ar cheadaigh an t-údarás maoirseachta ábhartha agus EDPB iad.

Féadfaidh comhlachtaí creidiúnaithe deimhniúcháin deimhnithe eile a bhaineann le sonraí pearsanta a dhéanamh faoi scéimeanna nach ngabhann critéir atá ceadaithe ag

údarás maoirseachta leo i gcás go mbaineann siad le nithe seachas oibríochtaí próiseála nó seirbhísí próiseála. Mar shampla, féadfaidh go dtabharfar aghaidh i scéimeanna den sórt sin ar na cáilíochtaí agus ar an taithí atá ag pearsanra, amhail oifigeach cosanta sonraí, nó ar chóras bainistíochta lena sainítear beartais agus nósanna imeachta do na gníomhaíochtaí a sheolann eagraíocht.

Féadfar freisin cineálacha eile deimhniúcháin a fháil ó eagraíochtaí difriúla i gcomhar le gníomhaireachtaí eile caighdeán, ach féadfaidh nach mbeidh maoirseacht ná dearbhú ar chreidiúnú INAB i gceist leis na cineálacha deimhniúcháin sin nó nach gceanglófar maoirseacht nó dearbhú ar chreidiúnú den sórt sin ina leith.

### *Cad is ISO 17065 ann?*

I gcás na mballstát sin den Aontas Eorpach nach ndéanfaidh a n-údarás cosanta sonraí féin aon chreidiúnú, ceanglaítear orthu le hAirteagal 43 RGCS a chinntiú go ndéanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil saineolas acu ar chosaint sonraí trí úsáid a bhaint as caighdeán ISO 17065[8].

In Éirinn, is é INAB atá freagrach as an gcreidiúnú sin agus is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as sainiú a dhéanamh ar na ceanglais bhreise a chuirfidh INAB i bhfeidhm i leith comhlachtaí deimhniúcháin den sórt sin.

Is ionann ISO 17065 agus caighdeán idirnáisiúnta le haghaidh comhlachtaí deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu táirgí, próisis agus/nó seirbhísí a dheimhniú mar atá sainithe ag scéimeanna nó sásraí sonracha deimhniúcháin. Leagtar na nithe seo a leanas amach ann:

- **ceanglais ghinearálta**, lena n-áirítear nithe dlíthiúla agus conarthacha, bainistiú neamhchlaontachta, dliteanas agus maoiniú, coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, rúndacht, agus faisnéis atá ar fáil go poiblí;

- **ceanglais struchtúrtha**, lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil agus ardbhainistíocht, agus sásra le haghaidh neamhchlaontacht a choimirciú;

- **ceanglais acmhainní**, lena n-áirítear pearsanra an chomhlachta deimhniúcháin, acmhainní le haghaidh gníomhaíochtaí meastóireachta, agus seachfhoinsiú;

- **ceanglais phróisis**, lena n-áirítear iarratas, athbhreithniú iarratais, meastóireacht, athbhreithniú, cinneadh deimhniúcháin, doiciméadacht deimhniúcháin, eolaire táirgí deimhnithe, faireachas, athruithe a dhéanann difear do dheimhniú, foirceannadh, laghdú, fionraí nó tarraingt siar deimhniúcháin, taifid, agus gearáin agus achomhairc;

[8] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach [suíomh Gréasáin ISO] go díreach.

- **ceanglais córais bainistíochta**, lena n-áirítear roghanna maidir le doiciméadacht ghinearálta córais bainistíochta, rialú doiciméad, rialú taifead, athbhreithniú bainistíochta, iniúchtaí inmheánacha, bearta ceartaitheacha agus bearta coisctheacha.

Faoi RGCS, i gcás nach é údarás maoirseachta an Bhallstáit féin a dhéanfaidh an creidiúnú, sonróidh sé ceanglais bhreise a chuirfidh a chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin i bhfeidhm i leith comhlachtaí deimhniúcháin atá ag iarraidh creidiúnú a fháil chun scéim cosanta sonraí a oibriú. Leagtar na paraiméadair seo a leanas amach sa scéim deimhniúcháin:

- an táirge sonrach, an próiseas sonrach agus/nó an tseirbhís shonrach atá le deimhniú – i dtéarmaí RGCS, is féidir féachaint air sin mar 'oibríocht próiseála'
- na ceanglais shonraithe (e.g., caighdeáin) nach mór don táirge, don phróiseas agus/nó don tseirbhís iad a chomhlíonadh;
- critéir shamplála don oibríocht próiseála atá le deimhniú;
- cineálacha agus teaglamaí de theicnící measúnaithe comhréireachta (e.g., iniúchadh, cigireacht nó tástáil) a úsáidfear chun meastóireacht a dhéanamh ar an táirge, ar an bpróiseas nó ar an tseirbhís;
- an próiseas atá le leanúint don mheastóireacht, don athbhreithniú agus don chinneadh;
- an marc comhréireachta agus rialú an mhairc;
- na gníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh le linn faireachais, más ann.

Faoi RGCS, ceanglaítear ar scéimeanna deimhniúcháin um chosaint sonraí critéir a bheith i bhfeidhm acu lena gceadú ag údarás maoirseachta cosanta sonraí nó ag EDPB.

Tugtar sna doiciméid seo a leanas ó ISO treoir maidir le conas scéimeanna deimhniúcháin a bhunú agus a bhainistiú do tháirgí, do phróisis agus do sheirbhísí:

- **ISO/IEC 17067:2013**[9], Measúnú comhréireachta — Na bunphrionsabail maidir le deimhniú táirgí, agus treoirlínte maidir le scéimeanna deimhniúcháin táirgí
- **ISO/IEC 17026**, Measúnú comhréireachta — Sampla de scéim deimhniúcháin táirgí, ina bhfuil treoir maidir le conas scéimeanna deimhniúcháin a bhunú agus a bhainistiú do tháirgí, do phróisis agus do sheirbhísí.

[9] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach suíomh Gréasáin ISO go díreach.

- **ISO 17007**, Measúnú comhréireachta — Treoir maidir le doiciméid normatacha a dhréachtú atá oiriúnach dá n-úsáid le haghaidh measúnú comhréireachta

Tugtar in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Treoirlínte 1/2018 ó EDPB treoir maidir le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar chritéir dheimhniúcháin. Sainaithnítear inti na topaicí a ndéanfaidh údarás maoirseachta cosanta sonraí agus EDPB iad a bhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun na critéir dheimhniúcháin a bhaineann le sásra deimhniúcháin a cheadú.

Chomh maith leis sin, ghlac EDPB treoirlínte maidir le comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú faoi Airteagal 43 RGCS (2016/679)

## Tuilleadh faisnéise

Ar shuíomh Gréasáin INAB, is féidir teacht ar fhaisnéis thábhachtach do chomhlachtaí deimhniúcháin a oibríonn in Éirinn nó a bhfuil sé beartaithe acu oibriú in Éirinn.

Tá faisnéis thábhachtach ábhartha eile faoi chuntasacht eagraíochtúil agus faoi ghnéithe eile de RGCS ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

### *Treoirlínte ó EDPB*

Ghlac EDPB treoirlínte maidir le comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú faoi Airteagal 43 RGCS (2016/679) agus maidir le deimhniú eagraíochtaí agus critéar deimhniúcháin a oibriú faoi Airteagail 42 agus 43.

Táthar ag súil leis go dtarlóidh sé, in am trátha agus de réir Airteagal 42(2), go bhfoilseoidh EDPB treoirlínte ar leith chun aghaidh a thabhairt ar conas is féidir sásraí deimhniúcháin a bhunú mar uirlisí le haghaidh aistrithe chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Is féidir treoirlínte eile ó EDPB maidir le gnéithe de phróiseáil sonraí pearsanta a fháil ar shuíomh Gréasáin EDPB.

### *Eagraíochtaí um chaighdeánú*

Tá ról tábhachtach ag caighdeáin maidir le creidiúnú agus deimhniú RGCS, agus soláthraítear leo bonnlíne chomhaontaithe chomhsheasmhach shainmheáite le haghaidh sásraí deimhniúcháin atá á n-oibriú ag comhlachtaí deimhniúcháin.

Is ann ar fud an domhain do chuid mhór comhlachtaí agus eagraíochtaí a fhorbraíonn caighdeáin agus a bhféadfaidh go gcuirfear iad ar áireamh i scéimeanna deimhniúcháin um chosaint sonraí a bhfuil sé beartaithe acu oibriú i gcomhthéacs náisiúnta nó Eorpach. Cé go bhfuil an Coimisiún ag súil leis go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin um chosaint

sonraí bunaithe ar chaighdeáin Éireannacha, Eorpacha nó Idirnáisiúnta i bhformhór na gcásanna, ní diancheanglas é sin. Tá roinnt díobh sin leagtha amach thíos chun críocha tagartha.

### *Eagraíochtaí Éireannacha agus Eorpacha um chaighdeánú*

- In Éirinn, is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (**NSAI**) atá freagrach as Caighdeáin Éireannacha a fhorbairt.

- San Eoraip, tá an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (**CEN**) ina chomhlachas a thugann na Comhlachtaí Náisiúnta um Chaighdeánú de 34 thír Eorpacha le chéile. Oibríonn CEN i gcomhar le Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil[10] (**CENELEC**) agus le hInstitiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide[11] (**ETSI**) mar chomhlachtaí atá aitheanta ag an Aontas Eorpach le haghaidh caighdeáin a fhorbairt agus a shainiú ar leibhéal an Aontais.

### *Comhlachtaí idirnáisiúnta agus earnála*

- Oibríonn Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (**ITU**) na Náisiún Aontaithe ar chaighdeáin san earnáil teileachumarsáide.

- Is comhlacht um chaighdeáin Idirlín é Tascfhórsa Innealtóireachta an Idirlín (**IETF**).

- Forbraíonn Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (**W3C**) sonraíochtaí agus treoirlínte teicniúla le haghaidh Ardán Gréasáin Oscailte.

- I Stáit Aontaithe Mheiriceá, is é comhlacht rialtais ar a dtugtar an Institiúid Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (**NIST**) a sholáthraíonn teicneolaíocht, tomhas agus caighdeáin, lena n-áirítear i ndáil le príobháideacht.

---

[10] Tá Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (**CENELEC**) ina chomhlachas a thugann na Coistí Leictriteicniúla Náisiúnta de 34 thír Eorpacha le chéile

[11] Soláthraíonn Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (**ETSI**) timpeallacht oscailte, chuimsitheach agus chomhoibríoch dá baill. Tacaíonn an timpeallacht sin le caighdeáin a bhfuil feidhm acu ar fud an domhain a fhorbairt, a thástáil agus a dhaingniú go tráthúil do chórais, feidhmchláir agus seirbhísí atá cumasaithe le TFC.

### *An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú*

Déanann an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (**ISO**) caighdeáin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a fhoilsiú. I measc na ndoiciméad a fhoilsíonn ISO tá treoirlínte, catalóga teicnící, agus prionsabail. I gcás na ndoiciméad sin a bhfuil ceanglais iontu, tá siad indeimhnithe, tríd is tríd, nó féadfaidh go gcuirfear iad ar áireamh i mbonn scéime nó sásra deimhniúcháin. Gabhann ISO go gníomhach do chaighdeáin a fhorbairt a bhaineann le príobháideacht.

Sheol ISO caighdeán nua – ISO 27701[12] – le déanaí chun cabhrú le heagraíochtaí príobháideacht a bhainistiú, agus tá a lán caighdeán gaolmhar eile dá chuid ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt agus dá gcríochnú faoi láthair. Áirítear leis an liosta atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin ISO roinnt caighdeán atá ábhartha go díreach do mhodhanna oibríochtaí próiseála ar leith a dheimhniú.

I gcás eagraíochtaí atá ag iarraidh creidiúnú agus deimhniú RGCS a bhaint amach, is féidir go mbeidh spéis ar leith acu sna nithe seo a leanas:

- An caighdeán creidiúnúcháin le haghaidh táirgí agus seirbhísí – ISO 17065
- An caighdeán creidiúnúcháin le haghaidh pearsanra – ISO 17024
- An caighdeán creidiúnúcháin le haghaidh córais bhainistíochta – ISO 17021
- Treoir ó ISO maidir le scéimeanna a fhorbairt le haghaidh ISO 17065 – ISO 17067
- Buntéarmaí creidiúnúcháin agus bunphrionsabail chreidiúnúcháin ISO – ISO 17000
- Treoir ó ISO maidir le critéir nó ceanglais a fhorbairt agus a shonrú – ISO 17007
- Bunchaighdeán ISO le haghaidh comhlachtaí creidiúnúcháin – ISO 17011
- Treoir ó ISO maidir le 'chritéir choiteanna' a bhaineann le slándáil táirgí – ISO 15408

## ***Déan Teagmháil Linn***

Má bhíonn aon cheisteanna agat go fóill tar éis an treoir agus na ceisteanna coitianta uainn a léamh, seol ríomhphost chuig an gCoimisiún ag certification@dataprotection.ie.

[12] Chun mionsonraí a fháil faoi aon chaighdeáin dhomhanda ó ISO dá dtagraítear sa doiciméad seo, féach suíomh Gréasáin ISO go díreach.